

An t-alt agus túslitreacha

		AINMNEACH UATHA	GINIDEACH UATHA	TABHARTHACH UATHA	AINMNEACH IOLRA	GINIDEACH IOLRA
a	FIR.	an t-am	an ama	ar an am	na hamanna	na n-amanna
	BAIN.	an áit	na háite	as an áit	na háiteanna	na n-áiteanna
b	FIR.	an bád	an bháid	ar an mbád nó ar an bhád	na báid	na mbád
	BAIN.	an bhróg	na bróige	ar an mbróg nó ar an bhróg	na bróga	na mbróg
c	FIR.	an clár	an chláir	faoin gclár nó faoin chlár	na cláir	na gclár
	BAIN.	an chos	na coise	leis an gcos nó leis an chos	na cosa	na gcos
d	FIR.	an doras	an dorais	ar an doras	na doirse	na ndoirse
	BAIN.	an díog	na díge	sa díog	na díoga	na ndíog
e	FIR.	an t-éan	an éin	ón éan	na héin	na n-éan
	BAIN.	an eiteog	na heiteoige	ar an eiteog	na heiteoga	na n-eiteog
f	FIR.	an fear	an fhir	leis an bhfear nó leis an fhear	na fir	na bhfear
	BAIN.	an fheirm	na feirme	ar an bhfeirm nó ar an fheirm	na feirmeacha	na bhfeirmeacha
g	FIR.	an Gael	an Ghaeil	ag an nGael nó ag an Ghael	na Gaeil	na nGael
	BAIN.	an ghrian	na gréine	faoin ngrian nó faoin ghrian	na grianta	na ngrianta
h	FIR.	an hata	an hata	ar an hata	na hataí	na hataí
	BAIN.	an hipitéis	na hipitéise	leis an hipitéis	na hipitéisí	na hipitéisí
i	FIR.	an t-iolar	an iolair	ar an iolar	na hiolair	na n-iolar
	BAIN.	an iris	na hirise	san iris	na hirísí	na n-irisí
l	FIR.	an lón	an lóin	leis an lón	na lónta	na lónta
	BAIN.	an leaba	na leapa	sa leaba	na leapacha	na leapacha
m	FIR.	an mála	an mhála	as an mála nó as an mhála	na málaí	na málaí
	BAIN.	an mhí	na míosa	roimh an mí nó roimh an mhí	na míonna	na míonna
n	FIR.	an néal	an néil	faoin néal	na néalta	na néalta
	BAIN.	an nead	na neide	as an nead	na neadacha	na neadacha
o	FIR.	an t-ordú	an ordaithe	leis an ordú	na horduithe	na n-orduithe
	BAIN.	an oifig	na hoifige	chuig an oifig	na hoifigí	na n-oifigí
p	FIR.	an poll	an phoill	thar an bpoll nó thar an pholl	na poill	na bpoll
	BAIN.	an pheil	na peile	ar an bpeil nó ar an pheil	na peileanna	na bpeileanna
r	FIR.	an roth	an rotha	faoin roth	na rothaí	na rothaí
	BAIN.	an reilig	na reilige	chuig an reilig	na reiligí	na reiligí
s¹	FIR.	an seomra	an tseomra	sa seomra nó sa tseomra	na seomraí	na seomraí
	BAIN.	an tsúil	na súile	ar an tsúil	na súile	na súl
s²	FIR.	an scéal	an scéil	leis an scéal	na scéalta	na scéalta
	BAIN.	an scian	na scine	ón scian	na sceana	na sceana
s³	FIR.	an sruthán	an tsrutháin	sa sruthán nó sa tsruthán	na srutháin	na sruthán
	BAIN.	an tsraith	na sraithe	ar an tsraith	na sraitheanna	na sraitheanna
t	FIR.	an teach	an tí	ón teach	na tithe	na dtithe
	BAIN.	an trá	na trá	ar an trá	na tránna	na dtránna
u	FIR.	an t-úll	an úill	leis an úll	na húlla	na n-úll
	BAIN.	an uirlis	na huirlise	den uirlis	na huirlisí	na n-uirlisí

- **s¹** = s roimh ghuta.
- **s²** = s roimh chonsan ar féidir séimhiú a chur air (*sc-*, *sf-*, *sm-*, *sp-*, *st-*).
- **s³** = s roimh chonsan nach féidir séimhiú a chur air (*sl-*, *sn-*, *sr-*).
- Is ionann an **tAinmneach Iolra** agus an **Tabharthach Iolra**.